

# Úsáid Teanga agus Foghlaim Teanga I dTuaisceart Éireann

Cumas Teanga a Fhorbairt  
don Athmhuintearas

# CLÁR ÁBHAR

## Réamheolas

### 1. Pobail Teangacha Mionlaigh i dtuaisceart Éireann

1.1 Úsáid na Gaeilge i dtuaisceart Éireann

1.2 Ultais

1.3 Teangacha Mionlaigh Eile

### 2. Aitheantas Dílíthiúil do Theangacha Mionlaigh i dtuaisceart Éireann

2.1 Tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta

### 3. Foghlaim Teanga agus Úsáid Teanga Atá Inbhuanaithe a Thacú

### 4. Moltaí Beartais

## Conclúid

## RÉAMHEOLAS

Tá cearta teanga agus aitheantas oifigiúil a thabhairt do theangacha eile seachas an Béarla éirithe ina gcnámh spairne i gcomhchainteanna polaitiúla i dTuaisceart Éireann. Tá aitheantas a thabhairt don Ghaeilge agus cearta Ghaeilgeoirí a dhearbhú de réir dlí léirithe mar ardú céime do-ghlactha de luachanna ‘poblachtacha’ nó ‘náisiúnacha’. Cé go raibh comhaontú chun cearta teanga a fhoráil mar chuid den chomhaontú ‘New Decade, New Approach’, tá athrú reachtaíochta in easnamh ó shin. Mar chuid de thionscadal líonraithe ar tugadh faoi le tacaíocht ó scéim ‘Bunchlocha Nua’ de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn, cuireann an páipéar seo sraith moltaí beartais ar fáil chun reachtaíocht um chearta teanga inbhuanaithe a fhorbairt i dTuaisceart Éireann bunaithe ar cheardlann a reáchtáladh i mí Aibreáin 2022 agus a reáchtáladh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath dar teideal ‘Úsáid Teanga agus Foghlaim Teanga i dTuaisceart Éireann: Cumas Teanga a Fhorbairt don Athmhuintearas.’

Cuirtear tús leis an páipéar seo trí achoimre a thabhairt ar na teangacha mionlaigh atá i dTuaisceart Éireann agus cé chomh forleathan is a labhraítear iad (cuid a haon), sula dtabharfar cuntas ar fhorás na gcearta teanga sa dlínse (cuid a dó). Iompaíonn an páipéar ansin, i gcuid a trí, ar iniúchadh a dhéanamh ar na cúinsí atá sainaitheanta mar thacú ó thaobh úsáid agus foghlaim mionteangacha de i dTuaisceart Éireann bunaithe ar an taighde atá ann cheana agus ar an gceardlann a reáchtáladh.

**1**

**Pobail  
Teangacha  
Mionlaigh i  
Dtuaisceart  
Éireann**

## 2 Pobail Teangacha Mionlaigh i dTuaisceart Éireann

Dála mar atá in Éirinn, is é an Béarla teanga dúchais an tromlaigh i dTuaisceart Éirinn, áit a bhfuil (agus murab ionann agus i bPoblacht na hÉireann) mar an t-aon teanga oifigiúil. In éineacht leis an bpobal a labhraíonn Béarla amháin, áfach, tá foghrúpaí den daonra i dTuaisceart Éireann a úsáideann agus a labhraíonn na mionteangacha Gaeilge agus an Ultais. Mar a léirigh sonraí daonáirimh Thuaisceart Éireann ó 2011 tá inniúlacht éigin sa Ghaeilge ag beagán le cois 10 faoin gcéad den daonra sa dlínse, fad is atá 8 faoin gcéad measartha inniúil i labhairt na hUltaise.<sup>1</sup> Ar shlite áirithe, ní chuirfeadh an leibhéal dátheangachais seo ionadh ar éinne—ag dul siar bhí labhairt na Gaeilge, teanga a bhí á labhairt ar fud na hÉireann ag formhór na ndaoine go dtí lár an naoú haois déag, thar a bheith láidir (b'fhéidir níos láidre fiú) i gCúige Uladh.<sup>2</sup>

Thairis sin, ag dul siar b'áit í Uladh ina raibh féiniúlachtaí teanga casta ag trasnú ar a chéile. Le hais an phobail dhúchasaigh de Ghaeilgeoirí a labhair Béarla go minic chun críocha oifigiúla (mar a bhí éigeantach de réir an dlí go minic), tháinig pobail de chainteoirí Ghaeilge na hAlban agus Albainis chun na cúige le linn Phlandáil Uladh sa bhliain 1609.<sup>3</sup> Cé go raibh cosúlachtaí suntasacha idir Gaeilge na hAlban agus an Ghaeilge agus an chuma ar an scéal go bhfuil an barr bainte di ag an dara teanga, nó ar a laghad glactha isteach i gcanúint Ghaeilge Thuaisceart Éireann, d'fhorbair an Albainis go dtí go ndearnadh Ultais na linne seo aisti<sup>4</sup> Is é an toradh air seo ná gurb í an éagsúlacht teangacha ina shaintréith den limistéar atá aitheanta mar Thuaisceart Éireann den chuid is mó dá stair agus cumais dhátheangacha - nó ilteangacha fiú - go rábach i measc a dhaonra.

---

<sup>1</sup>Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA) 'Results of Census 2021' [Torthaí Dhaonáireamh 2021] ar fáil ag: <https://www.nisra.gov.uk/statistics/2011-census/results> (29 Samhain 2021); NISRA, 'Northern Ireland Census 2011 Key Statistics Summary Report' (2014) [Tuarascáil Achomair ar Phríomhstaitisticí ó Dhaonáireamh Thuaisceart Éireann] ar fáil ag: <http://www.nisra.gov.uk/archive/census/2011/results/key-statistics/summary-report.pdf> (29 Samhain 2021).

<sup>2</sup> Nicholas M. Wolf, *An Irish speaking island: state, religion, community and the linguistic landscape in Ireland 1770–1870* (Madison, 2014).

<sup>3</sup> Nicholas Williams, 'Language', in S.J. Connolly (ed.), *The Oxford companion to Irish history* (Oxford, 2002), 315–16.

<sup>4</sup> Williams, 'Language'.

Mar thoradh ar chaillteanas daonra, eisimirce agus toirmisc dhlíthiúla, faoi aimsir chríochdheighilte na hÉireann sa bhliain 1921 bhí na ceantair ar an oileán ina raibh an lámh in uachtar ag an nGaeilge fós (agus í á labhairt ag níos mó ná 80 faoin gcéad den phobal) teanntaithe den chuid is mó i gceantair cois cósta san Iarthar i bPoblacht na hÉireann, cé go raibh ceantair mhóra fós ar fud na tíre ina raibh suas le 50 faoin gcéad den daonra ag labhairt na teanga—áiteanna in Aontroim agus i dTír Eoghain san áireamh.<sup>5</sup> Gan na tacaíochtaí a thugtar do phobail teanga in Éirinn, áfach, agus í curtha faoi chois go minic ag naimhdeas gníomhach i leith na Gaeilge Irish agus Gaeilgeoirí, tháinig meath tubaisteach ar chur ar aghaidh na teanga ó ghlúin go glúin i dTuaisceart Éireann.<sup>6</sup>

Faoi láthair (agus murab ionann agus in Éirinn), is treise labhairt na Gaeilge i gceantair uirbeacha Thuaisceart Éireann – go háirithe in Iarthar Bhéal Feirste, a bhfuil Ceathrú Gaeltachta ainmnithe aici, agus áit ar bhunaigh baill de phobal Gaeltachta neamhoifigiúil Bhóthar na bhFál sna 1960idí. É sin ráite, tá an Ghaeilge le sonrú go mór sa cheantar tuaithe de Carntogher (An Carn) cóngarach don Mhachaire Rátha i gContae Dhoire (féach léaráid.<sup>7</sup> Is cosúil nár mhair Gaeilge na hAlban mar theanga phobail ar leith i dTuaisceart Éireann anuas go dtí ár linn féin—is dócha gur chrom na cainteoirí ar Bhéarla nó Albainis a labhairt, nó gur thosaigh siad ag labhairt canúint Ghaeilge Uladh, a bhfuil cosúlachtaí láidre aici le Gaeilge na hAlban.<sup>8</sup>

Tá cuma neamhsheasmhach ar labhairt na hAlbainise, agus iompú de réir a chéile ar siúl go dtí Ultais shainiúil, cé gur cuireadh i gcoinne a stádais mar sin ar

---

<sup>5</sup> Niall Ó Ciosáin, 'Gaelic culture and language shift', in Laurence M. Geary and Margaret Kelleher (eds), *Nineteenth century Ireland: a guide to recent research* (Dublin, 2005); Gearóid Ó Tuathaigh, *I mbéal an bháis: the Great Famine and the language shift in nineteenth century Ireland* (Quinnipiac University Press 2015); Wolf, *An Irish speaking island*.

<sup>6</sup> Verona Ní Drisceoil, 'Antipathy, paradox and disconnect in the Irish state's legal relationship with the Irish language', *Irish Jurist* 55 (2016), 45–74.

<sup>7</sup> Maidir le gluaiseacht athbheochan na Gaeilge sna 1960idí féach Aodán Mac Póilín, 'Aspects of the Irish language movement in Northern Ireland', in Aodán Mac Póilín (ed.), *The Irish language in Northern Ireland* (Belfast); Camille C. O'Reilly, *The Irish language in Northern Ireland: the politics of culture and identity* (Basingstoke, 1999), 20.

<sup>8</sup> Mac Póilín, 'Aspects of the Irish language movement in Northern Ireland'; O'Reilly, *The Irish language in Northern Ireland*, 20. Féach ar an mórgóir. Philip McDermott, 'From ridicule to legitimacy? "Contested languages" and devolved language planning', *Current Issues in Language Planning* 20 (2019), 121–39.

uairibh, agus an cás á dhéanamh ag daoine áirithe gur ceart é a rangú mar chanúint Bhéarla seachas mar theanga ar leith.<sup>9</sup> Maidir le cainteoirí Ultaise na linne, tá cónaí orthu amuigh faoin tuath den chuid is mó agus iad teanntaithe go príomha sna ceantair inar lonnadh Albanaigh iontu tamall maith ó shin ar chósta thuaidh Aontroma, na hArda, an Dún Thoir agus Oirthear Dhún na nGall (tá an dara ceantar acu i bPoblacht na hÉireann anois).<sup>10</sup>

## 1.1 Úsáid na Gaeilge i dTuaisceart Éireann

### Daonáireamh 2021

Agus é seo á scríobh, ní raibh torthaí daonáireamh 2021 eisithe go fóill.

### Daonáireamh 2011

An ceist a cuireadh	Cumas éigin sa Ghaeilge (bíodh sé sin bainteach le hí a thuiscint, a scríobh, a léamh, a labhairt nó meascán de na heilimintí seo go léir)	Gan aon chumas sa Ghaeilge
Maidir le daoine 3 bliana d'aois agus níos sine ná sin, cé acu a bhfuil nó nach bhfuil...	184, 898	1, 550, 813

Mhéadaigh ar líon na ndaoine ar an iomlán a bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge acu in 2011 li gcomparáid le 2001, bíodh is go bhfuil uimhreacha 2011 níos úsáidí ó thaobh measúnú a dhéanamh ar phatrúin maidir le cur ar aghaidh agus úsáid na teanga sna pobail ós rud é go raibh easpa idirdhealaithe idir inniúlachtaí ar leith (cumas tuisceana seachas cumas cainte, cuir i gcás) maidir leis na huimhreacha

<sup>9</sup> Maidir leis an díospóireacht, agus castacht na bhféiniúlachtaí a bhaineann le hUltais, féach Peter Robert Gardner, 'Unionism, loyalism, and the Ulster-Scots ethnolinguistic "revival"', *Studies in Ethnicity and Nationalism* 15 (2015), 4–25.

<sup>10</sup> Mícheál B. Ó Mainnín, 'Empowering multilingualism? Provisions for place names in Northern Ireland and the political and legislative context', in Deirdre A. Dunlevy and Robert Blackwood (eds), *Multilingualism in public spaces: empowering and transforming communities* (London, 2021), 60–1.

a bhí ar fáil in 2001 agus 1991. Is iad na sonraí ó 2011, áfach, an chéad cheann inar féidir próifílí na gcainteoirí Gaeilge agus Ultaise a chur i gcomparáid.

In 2011 bhí iadsan le 'hinniúlacht éigin' sa Ghaeilge ní ba óige ar an mórgóir ná iadsan le 'hinniúlacht éigin' san Ultais. Ba iad daoine idir 12-15 bliana d'aois, mar shampla, gur mó seans cumas éigin a bheith acu sa Ghaeilge (20%), murab ionann agus an dream ba lú seans ó thaobh cumas éigin sa Ghaeilge a bheith acu, sé sin, daoine 75 bliana d'aois agus níos sine (6.2%). Tá na huimhreacha seo ag teacht a bheag ná a mhór leis an bpatrún i gcumas agus labhairt na Gaeilge i measc na n-aoisghrúpaí 40+ in 1991, agus i measc na n-aoisghrúpaí 50+ in 2001. In éineacht leis an méadú ar líon iomlán na gcainteoirí is é an patrún ná go bhfuil méadú ag teacht de réir a chéile ar líon iomlán na gcainteoirí de réir mar a shealbhaíonn gach glúin an Ghaeilge ar bhonn níos leithne. Tá codarsnacht idir seo agus an Ultais, teanga gur mhó seans go mbainfeadh a gcainteoirí leis an aoisghrúpa 55-74 nó 75+ (13% agus 12% faoi seach), agus ba iad an dream san aoisghrúpa 3-11 ba lú seans Ultais a bheith ar a dtail acu (2.3%).<sup>11</sup>

Bhailigh daonáireamh 2011 sonraí freisin faoin gcaidreamh idir cumais i dteangacha éagsúla agus féiniúlachtaí náisiúnta agus creidimh. Sa bhliain 2011, bhí 90% de dhaoine 3 bliana d'aois agus níos sine a raibh cumas éigin sa Ghaeilge acu á dtógáil nó tógtha mar Chaitlicigh fad is thug 7.4% den ghrúpa céanna le fios gur tógadh mar Phrotastúnaigh iad. A mhalairt de phatrún beagnach a bhí le sonrú maidir le hUltais. I measc iadsan a raibh cumas éigin san Ultais, bhí 79% acu á dtógáil nó tógtha mar Phrotastúnaigh fad is nár thug ach 17% den ghrúpa céanna le fios gur tógadh mar Chaitlicigh iad. Ina theannta sin, bhí féiniúlacht náisiúnta Éireannach amháin ag 68% díobh siúd 3 bliana d'aois agus níos sine a thuiriscigh go raibh cumas éigin sa Ghaeilge acu, fad is a thug 17% le fios gur de bhunadh Thuaisceart Éireann amháin iad agus 7% gur de bhunadh na Breataine iad. Os a choinne sin, thuiriscigh 53% le cumas éigin san Ultais gur fhéach siad orthu féin mar Bhriotanaigh amháin, fad is a mhaígh 18% gur de bhunadh Thuaisceart Éireann amháin iad, agus gur thug 12% le fios gur de bhunadh na Breataine agus de bhunadh Thuaisceart Éireann araon iad,

---

<sup>11</sup> Daonáireamh 2011, Tábla DC2226NI; Tábla DC2227NI.



thuiriscigh 9.1% de dhaoine le hUltais ar a dtoil acu gur Éireannaigh amháin iad, dar leo.<sup>12</sup>

### Daonáireamh 2001


An ceist a cuireadh	In ann Gaeilge a thuiscint ach gan léamh, scríobh, nó labhairt na teanga a bheith ar a dtoil acu	In ann an Ghaeilge a labhairt ach gan a bheith in ann léamh ná scríobh a dhéanamh sa teanga sin	In ann an Ghaeilge a labhairt agus a léamh ach gan a bheith in ann scríobh sa teanga sin	In ann an Ghaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint	Meascán eile de na scileanna sin a bheith acu	Eolas éigin ar an nGaeilge	Gan aon eolas ar an nGaeilge
Cé acu a bhfuil nó nach bhfuil daoine atá 3 bliana d'aois agus níos sine ...	36,411	24,593	7,119	72, 161	24,107	167,458	1,450,498

Maidir leis an gceist faoi eolas ar an nGaeilge, is díol spéise é gur tugadh an miondealú réamhshocraithe i ndaonáireamh 2001 ní de réir aoise, mar a rinneadh sa daonáireamh a tháinig roimhe i 1991, ach de réir limistéir tíreolaíoch. Tugann na figiúirí léargas mar sin ar cá bhfuil na ceantair is mó ina labhraítear an Ghaeilge - agus ina dtuigtear Gaeilge chomh maith.<sup>13</sup>

I dtaca leis seo, is cosúil go bhfuil sé mar thréith ag an daonra sna ceantair rialtais áitiúil atá cóngarach den teorainn idir Éire agus Tuaisceart Éireann (san lúr agus sa Mhúrna) ardleibhéil tuisceana (i dtéarmaí coibhneasta) a bheith acu

<sup>12</sup> Daonáireamh 2011, Tábla DC2226NI; Tábla DC2227NI.

<sup>13</sup> Daonáireamh 2011, Tábla DC2226NI; Tábla DC2227NI.



ar an nGaeilge (tuairim is 4%) agus a dhá oiread de dhaoine a bhfuil réimse iomlán inniúlachta acu thar gach meán cumarsáide (beagán le cois 9%). Tá a mhacasamhail de phatrún le sonrú san Ómaigh, i mBéal Feirste, sa Chorr Chríochach, i nDún Geanainn, sa Mhaoil agus sa Mhachaire Fíolta. I ngach limistéar tíreolaíoch is gnách go mbíonn a dhá oiread daoine ar a laghad in ann an Ghaeilge a labhairt, a léamh agus a scríobh chomh maith le hí a thuiscint ná iadsan a thuiriscíonn gur féidir leo í a thuiscint. I dtaca leis seo, tá sé le tuiscint ó na figiúirí go bhfuil méid áirithe idirphlé idir pobail teanga - le daonraí a labhraíonn an Ghaeilge agus daonraí nach labhraíonn í, ach a thuigeann mar sin féin í, agus iad ag plé lena chéile ina dteangacha féin le comhthuiscint go pointe áirithe eatarthu.

**Daonáireamh 1991** (*an chéad bhliain ina ndearnadh eolas ar an nGaeilge a thomhas*)

An ceist a cuireadh	In ann an Ghaeilge a labhairt	In ann í a léamh	In ann í a scríobh	In í a léamh agus a labhairt	I ann í a léamh agus a scríobh	In ann í a labhairt agus a scríobh	In ann í a labhairt, a léamh agus a scríobh	Gan aon eolas ar an nGaeilge	Níor luadh aon rud
Cé acu a bhfuil nó nach bhfuil daoine atá 3 bliana d'aois agus níos sine ...	45,338	5,887	1,340	6,593	2,602	1,031	79,012	1,320,657	39,725

Ba í an ionadaíocht ba mhó ar chainteoirí na Gaeilge, agus iad siúd a raibh cumas éigin sa teanga acu i measc na n-aoisghrúpaí 10-14 agus 15-19, le 15,294 agus 13,596 díobh siúd in ann Gaeilge a labhairt, a léamh agus a scríobh. Ag teacht sna sála orthusan, bhí na haoisghrúpaí 20-24 agus 25-29 a raibh an cumas teanga céanna acu agus 8,413 is 7,071 faoi seach díobh siúd in ann an Ghaeilge a labhairt, a léamh, agus a scríobh.<sup>14</sup>

D'fhan an sciar de na freagróirí nach raibh in ann Gaeilge amháin a labhairt go seasta sna mílte ó 8 mbliana d'aois ar aghaidh go dtí an aoisghrúpa 75-59 agus tháinig laghdú suntasach air ón aois sin amach, fad is a bhí líon níos lú de fhreagróirí a thuairiscigh nach raibh ar a gcumas ach í a léamh agus/nó í scríobh, nó í a léamh agus a labhairt. Tá sé le tuiscint ó na figiúirí go bhfuil dhá ghrúpa d'úsáideoirí teanga ar leith ann.

Ar dtús báire, iadsan le hardinniúlacht i ngach meán de chumarsáid agus seans maith go bhfuair siad a n-inniúlacht sa Ghaeilge le hoidhreacht más aon

<sup>14</sup>Daonáireamh Thuaisceart Éireann 1991: Tuarascáil maidir leis an nGaeilge' (Béal Feirste), 1-2.

chomhartha líon na bhfreagróirí i ngach réimse déimeagrafach leis na cumais chéanna. Is mar sin a mhéadaíonn go seasta ar líon na ndaoine atá in ann an Ghaeilge a labhairt, a léamh agus a scríobh agus treocht inbhraite san daonra féin maidir le leanaí ag sealbhú na Gaeilge, agus í á húsáid acu go leanúnach le níos mó agus níos mó inniúlachta go dtí go mbaineann siad na fichidí sula dtagann meath ar úsáid na teanga a bhaineann le caillteanas daonra atá coitianta i measc seandaoine.

Ar an dara dul síos, tá an dream nach beag a labhraíonn an teanga ach nach maíonn go bhfuil scríobh nó léamh na Gaeilge ar a dtoil acu. Tá an daonra seo ualaithe i bhfad níos mó i dtreo na n-aoisraonta níos óige agus é le tuiscint ó na suirbhéanna a ndéantar orthu go mb'fhéidir go bhfuil iarracht ar bun ag tuismitheoirí nach cainteoirí dúchasacha iad a gcuid páistí a thógáil trí Ghaeilge nó oideachas a chur orthu trí mheán na Gaeilge.

## 1.2 Ultais

Níor bailíodh sonraí ar úsáid agus ar tuiscint na hUltaise in 1991 nó in 2001. I ndaonáireamh 2011 bailíodh sonraí ar an Ultais, den chéad uair, agus fuarthas amach de bharr seo go raibh cumas éigin san Ultais ag 8.1% de na daoine a raibh cónaí orthu de ghnáth i dTuaisceart Éireann agus iad 3 bliana d'aois nó níos sine (le hais 11% a raibh cumas éigin acu sa Ghaeilge), cé go. Bhí céatadán na ndaoine 3 bliana d'aois agus níos sine a bhí in Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint (3.7%) níos airde ná an céatadán don Ultais (0.9%). Dúirt sciartha beagnach ar aon mhéid leo go bhfuil siad in ann a Ghaeilge a thuiscint ach gan iad a bheith in ann í a labhairt, a léamh nó a scríobh (4.1%) , nó 5.3% i gcás na hUltaise.<sup>15</sup>

---

<sup>15</sup> Daonáireamh 2011, Tábla DC2226NI; Tábla DC2227NI; Tábla KS209NI; Tábla KS210NI.

An ceist a cuireadh	Cumas éigin san Ultais (bíodh sé sin bainteach le hí a thuiscint, a scríobh, a léamh, a labhairt nó meascán de na heilimintí seo go léir)	Gan cumas ar bith san Ultais
Cé acu a bhfuil nó nach bhfuil daoine atá 3 bliana d'aois agus níos sine ...	140, 204	1, 595, 507

### 1.3 Pobail Teangacha Mionlaigh Eile i dTuaisceart Éireann

In 2011 bailíodh sonraí ar Phobail Teangacha Mionlaigh Eile i dTuaisceart Éireann. I measc iadsan a raibh cónaí orthu de ghnáth sa dlínse agus iad 3 bliana d'aois, ba iad na príomhtheangacha a úsáideadh go laethúil (seachas an Ghaeilge) ná an Tagálaigis / Filipínis, Mailéalaimis, Sínis, Liotuáinis, Slóvaicis, Polainnis, Rúisis, Ungáiris, Laitvis, nó Portaingéilis. I measc iadsan a thuiriscigh inniúlachtaí sna teangacha seo, thuiriscigh tromlach suntasach díobh gur labhair siad Béarla go maith nó go han-mhaith. I measc na 2,700 gnáthchónaitheoir atá 3 bliana d'aois nó níos sine nach raibh in ann an Béarla a labhairt ar chor ar bith labhair 41% Polainnis den chuid is mó, labhair 14% Liotuáinis den chuid is mó, labhair 6.4% Sínis den chuid is mó, labhair 4.6% Slóvaicis den chuid is mó agus labhair 4.5% Portaingéilis den chuid is mó.<sup>16</sup>

<sup>16</sup>Féach an miondealú a chuir Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde ar fáil i 'Census 2011: Saintréithe mionsonraithe do Thuaisceart Éireann maidir le hEitneacht, Tír Bhreithe agus Teanga [Daonáireamh 2011: Saintréithe mionsonraithe do Thuaisceart Éireann maidir le hEitneacht, Tír Bhreithe agus Teanga](2013), 4-5.

2

# **Aitheantas Dlíthiúil do Theangacha Mionlaigh i Dtuaisceart Éireann**

## 2 AITHEANTAS DLÍTHIÚIL DO THEANGACHA MIONLAIGH I DTUAISCEART ÉIREANN

In ainneoin éagsúlacht na dteangacha seo, níl ach foráil íosta déanta ag rialtais na RA agus Thuaisceart Éireann chun aitheantas a thabhairt do mhionlaigh teanga laistigh den dlínse. Maidir le dearcadh rialtas Thuaisceart Éireann nuair a cuireadh an Chríochdheighilt ar bun, am a raibh aird Saorstáit nua na hÉireann ar an ngá a bhí le pobail Ghaeilge a chaomhnú, tá cur síos déanta air mar ‘fhaillí mhailíseach’.<sup>17</sup> Aistharraing rialtas Thuaisceart Éireann maoiniú do mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna go luath sna 1920idí agus, i ndaonáireamh 1926, chuir sé an ruaig ar cheisteanna a bhain le labhairt na Gaeilge.<sup>18</sup> Bhí an maoiniú ar fad do theagasc na Gaeilge agus do choláistí oiliúna múinteoirí Gaeilge tarraingthe siar ag riarachán Stormont faoi 1942, agus seacht mbliana ina dhiaidh sin chuir siad cosc ar chomharthaí sráide a chur suas i dteanga ar bith seachas Béarla<sup>19</sup>, agus gabhadh baill den phobal ina dhiaidh as Gaeilge a labhairt le húdaráis stáit.<sup>20</sup>

### 1.1 Tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta

I gComhaontú Aoine an Chéasta (GFA) 1998 tugadh aitheantas ‘do thábhacht an mheasa, na tuisceana, agus na caolfhulaingthe maidir le héagsúlacht teangacha, agus an Ghaeilge san áireamh i dTuaisceart Éireann’<sup>21</sup> agus thug rialtas RA gealltanais, mar chuid den Chomhaontú,

<sup>17</sup> Christopher McGimpsey, ‘Untitled’, in Pilib Mistéil (ed), *The Irish language and the unionist tradition* (Belfast, 1994), 9.

<sup>18</sup> Liam S. Andrews, ‘The very dogs in Belfast will bark in Irish’, in Mac Poilín, *The Irish language in Northern Ireland*, 82.

<sup>19</sup>Féach go ginearálta Andrews, ‘The very dogs in Belfast will bark in Irish’ [Fiú na madaidh i mBéal Feirste beidh siad ag tafann as Gaeidhlig].

<sup>20</sup>I 1984 ghabh an RUC Breandán Ó Fiaich, múinteoir Gaeilge, agus gearradh fineáil air ina dhiaidh sin as ucht diúltú an Béarla a labhairt nuair a stopadh é ag seicphointe RUC agus ina dhiaidh sin rinne sé cosaint in aghaidh na gcúiseanna sa chúirt trí mheán na Gaeilge. Féach ‘Fined for Speaking Irish’ [Fíneáilte as ucht an Ghaeilge a Labhairt] *Cartlann RTÉ* (1984) atá ar fáil ag <https://www.rte.ie/archives/2019/0613/1055193-irish-language-teacher-fined/> (6 Nollaig 2021).

<sup>21</sup> Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta, 1998, ‘Snáithe a Trí: Cearta, Cosaintí agus Comhdheiseanna - Saincheisteanna Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha’ [3].

chun ‘gníomhú go diongbháilte chun an teanga a chur chun cinn’, agus raon beart níos sainiúla ann a bhí réamh-mheasta go sainráite i gComhthéacs thiomantas gníomhach an RA chun Cairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (ECRML) a shíniú. Shín Comhairle na Breataine-na hÉireann (BIC), a bunaíodh faoin GFA chun idirphlé a chur chun cinn idir údaráis riaracháin dhéabhlóidithe an RA, an clár oibre nuaghinte um chearta teanga, agus áiríodh mar cheann de na buarthaí dá cuid (ó 2002) teangacha mionlaigh dúchasacha agus an gá le dearthaí institiúideacha agus poiblí a fheabhsú maidir lena leithéid de theangacha agus infheictheacht phoiblí ina leith a mhéadú. Sa bhreis air sin, mar thoradh ar an GFA bunaíodh sé chomhlacht forfheidhmithe thuaidh-theas ar oileán na hÉireann, lenar áiríodh an Foras Teanga lena gcuimsítear Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord na hUltaise), agus sainchúram uile-oileáin ag an dá chomhlacht araon agus tugadh maoiniú dóibh ón dá rialtas ar an oileán chun na teangacha ábhartha a chur chun cinn.

Ina dhiaidh sin is uile, bhí coinníoll ag baint leis na tacaíochtaí do theangacha mionlaigh arna gcur ar fáil sa GFA lenar sonraíodh go ndéanfadh Tionól Thuaisceart Éireann arna dhéabhlóidiú ag an am sin a dtiomantas do theangacha dúchasacha a choimeád ag imeacht arna sainnithint ‘mar dhóigh ina dtabharfaí mianta agus íogaireachtaí an phobail san áireamh; agus é ina a phobal scoilte, bhí difear ann go hiondúil maidir le mianta agus íogaireachtaí na ndaoine dá chuid i dtaca le teangacha, mar atá feicthe againn’.<sup>22</sup> Tugadh éifeacht dlí don GFA le hAcht Thuaisceart Éireann 1998, agus foráil á tabhairt i mír 28D do ‘Straitéisí a bhaineann leis an nGaeilge agus le hUltais etc.’ agus lenar sonraíodh go nglacfadh coiste feidhmiúcháin an Tionóil le dá straitéis ar leith lena leagfar amach conas a dhéanfadh sé (i) ‘forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint’ agus (ii) ‘Ultais agus cultúr agus oidhreacht na nAlbanach Ultach, a fhorbairt agus a chosaint’<sup>23</sup> Tar éis an GFA d’eisigh Rialtais na Breataine agus na hÉireann an Dearbhú Comhpháirteach (in 2003), rud nach ndearnadh saincheist um chearta teanga a chur chun cinn leis ach lenar athdhearbhaíodh go ‘leanfadh Rialtas na Breataine chun a thiomantais uile a chomhlíonadh faoin gComhaontú maidir leis an nGaeilge’ agus ‘chun bearta a dhéanamh d’fhonn tacaíocht d’Acadamh Ultaise a spreagadh’.<sup>24</sup>

<sup>22</sup> Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta, 1998, Snáithe a Trí (cuid 2).

<sup>23</sup> Northern Ireland Act [An tAcht um Thuaisceart Éireann], 1998, ar fáil ag: <http://www.legislation.gov.uk/ukpga/1998/47/contents> (30 Samhain 2021), mír 30.

<sup>24</sup> ‘Joint Declaration by the British and Irish Governments 2003’ [Dearbhú Comhpháirteach Rialtais na Breataine agus na hÉireann] ar fáil ag:



Níor dhaingnigh an RA an ECRML ach go dtí 2001, áfach, maidir leis an nGaeilge agus Ultais, agus sin an t-am a bhí toradh follasach ar na tiomantais sin. Leis an ERCML éilítear ar an Rialtas chun tuairisciú go tréimhsiúil ar fheabhsúcháin ar bheartais maidir le cearta teanga do Choiste Eorpach saineolaithe, ach bhí na tiomantais substainteacha a rinneadh faoin ECRML teoranta. Níor daingníodh an tiomantas a rinne an RA maidir le hUltais ach faoi Chuid II (Airteagal 7) den Chairt, rud lena gcuirtear de cheangal ar an Stát aitheantas a thabhairt d'Ultais mar theanga mionlaigh réigiúnach laistigh de Thuaisceart Éireann, agus an t-aitheantas céanna á thabhairt di mar a thugtar d'Albainis in Albain, agus lena leagtar amach cuspóirí le haghaidh an teanga a éascú sa saol poiblí agus meas a thabhairt don teanga. Tugadh tiomantais rud beag níos leithne don Ghaeilge, agus daingníodh í faoi Chuid II agus faoi Chuid III den Chairt, agus chomh maithe le foráil bhreise a sholáthar d'aitheantas oifigiúil na teanga, soláthraíodh bearta leo trínar cheart úsáid na teanga a chur chun cinn sa saol poiblí, lena n-áirítear trí na nithe a leanas: oideachas, údaráis bhreithiúnacha, údaráis riaracháin agus phoiblí, na meáin, an saol eacnamaíoch, cultúrtha agus sóisialta, agus malartuithe trasteorann (lena náirítear caidrimh thrasteorann).<sup>25</sup> Dá dtabharfaí éifeacht dlí do na forálacha sin, bheadh siad mar an gcéanna le forálacha i reachtaíocht um chearta teanga i ndlínsí RA eile lena ndéantar foráil d'úsáid teangacha mionlaigh, go háirithe maidir le hidirghníomhaithe aonair leis an stát, agus maidir le hinfheictheacht teangacha mionlaigh i spásanna poiblí.

Ach ní dhearnadh aon athrú substainteach dlí, áfach, mar thoradh ar dhaingniú ECRML,<sup>26</sup> agus pléadh saincheist chearta na dteangacha agus aitheantas do theangacha mionlaigh arís tar éis thabhairt chun críche Chomhaontú Chill Rìmhinn (SAA) in 2006. Ba é an SAA an chéad chás i bpatrún i dTuaisceart Éireann nuair a baineadh comhaontú amach maidir le foráil um chearta teanga, arna spreagadh ag teip pholaitiúil, agus tréimhse ina diaidh nach ndearnadh aon dul chun cinn inti maidir leis na bearta a gealladh, agus sula ndearnadh cearta teanga ina n-ábhar coinbhleachta athnuaite arís, agus nuair nach ndearnadh aon dul chun cinn breise ach nuair a tugadh cearta teanga isteach mar 'mhír mhargála' i

---

<https://webarchive.nationalarchives.gov.uk/20040705075218/> agus ag <http://www.nio.gov.uk/pdf/joint2003.pdf> (30 Samhain 2021).

<sup>25</sup> Féach go ginearálta Dunlevy, 'Learning Irish amid controversy'.

<sup>26</sup> Féach go ginearálta Dónall Ó Riagáin, 'An Chairt Eorpach: uirlis sholúbtha le cur chun cinn teangach', in Dónall Ó Riagáin (ed.), *Language and law in Northern Ireland* (Belfast, 2003); Niamh Nic Suibhne, 'European Community law and minority languages', in Ó Riagáin, *Language and law in Northern Ireland*

gcaibidlíocht pholaitiúil idirpháirtí, go hiondúil tar éis tréimhse nua de theip rialtasach.

Tháinig an SAA tar éis theip an rialtais dhéabhlóidithe in 2002 agus fhorchur na rialach dírí, agus rinneadh iarracht leis comhroinnt cumhachta a athbhunú i dTuaisceart Éireann. Gheall Rialtas an RA chun oibriú le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann chun forbairt na Gaeilge agus Ultaise a fheabhsú agus a chosaint laistigh den dlínse. Sa bhliain chéanna agus a rinneadh SAA, mhol Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, comhlacht arna chruthú ag an GFA, gur cheart go ndéanfaí cearta a ráthú le bille ceart i dTuaisceart Éireann do gach úsáideoir teanga agus fairsinge na gceart sin a dhéanamh coinníollach ar cé chomh fairsing agus a úsáidtear agus a thuigtear gach teanga sa phobal.<sup>27</sup> Ach sáraíodh an moladh sin, áfach, leis an ngealltanas sa SAA chun Acht na Gaeilge a thabhairt isteach. Seo rud a bhí tráthúil, b'fhéidir, agus na cearta laige a thabharfaí do theanga mionlaigh ar bith i dTuaisceart Éireann faoi scéimre a bhí ag brath ar ghlacadh ar thaobh an tromlaigh chun na cearta is substaintí a aimsiú.<sup>28</sup>

Níor baineadh an dóchas amach go mbeadh reachtaíocht ina toradh ar an SAA a bheadh cosúil le reachtaíocht a cuireadh ar fáil cheana in Albain agus sa Bhreatain Bheag ar deireadh thiar. Cé gur ghlac rialtas na Breataine air féin ar dtús Acht na Gaeilge a thabhairt isteach agus úsáid na teanga a mhéadú agus a chosaint agus gur athdhearbhaigh sé a thuairim nach mór úsáid Ultaise a mhéadú agus a fhorbairt agus mar aon leis sin 'oidhreacht agus cultúr' na nAlbanach Ultach a fhorbairt agus a mhéadú,<sup>29</sup> ar deireadh thiar ní dhearnadh foráil sa SAA do thiomantas reachtaíochta, agus fágadh aon tagairt d'Acht na Gaeilge as lár ó Alt 28D Acht Thuaisceart Éireann 1998 agus ó Chomhaontú Chill Rímhinn 2006,

---

<sup>27</sup> 'Agreement at St Andrews' [Comhaontú ag Cill Rímhinn], ar fáil ag: <https://www.dfa.ie/media/dfa/alldfawebstitemedia/ourrolesandpolicies/northernireland/st-andrews-agreement.pdf> (1 Nollaig 2021).

<sup>28</sup> Cuireadh fonn cosúil in iúl maidir le cearta teanga bunaithe ar úsáid chomhréireach teanga laistigh den daonra in 2017, nuair a dúirt ceannaire an DUP ag an am sin, Arlene Foster, go raibh sé níos inmhianaithe agus níos praiticiúla go mbeadh Acht na Polainnise ann mar bhí níos mó daoine i dTuaisceart Éireann a labhraíonn Polainnis ná Gaeilgeoirí. See 'Arlene Foster on Irish language act [Arlene Foster ar Acht na Gaeilge]: "More people speak Polish" [Labhraíonn níos mó daoine Polainnis], *The Belfast Telegraph*, 6 Feabhra 2017. Is doiléiriú seiftiúil é seo, lena gcuirtear cainteoirí teangacha mionlaigh in iúl mar mhionlach míréasúnta agus ag an am céanna ag diúltú gurb í an chúis nach mór tábhacht teangacha mar sin a aithint i ndáiríre ná oidhreacht choilíneach an RA agus a sainchúram teanga atá cumhdaithe ar bhonn institiúideach agus dlíthiúil.

<sup>29</sup> Department of Culture, Arts and Leisure, 'Strategy to Enhance and Develop the Ulster-Scots Language, Heritage and Culture 2015–2035: one year on' [An Roinn Cultúr, Ealaíon agus Fóillíochta, 'Straitéis chun Úsáid Ultaise a Mhéadú agus Oidhreacht agus Cultúr na nAlbanach Ultach a Fhorbairt] (Béal Feirste, 2016).

rud lena gcuireadh de cheangal ar Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ina ionad sin chun ‘straitéisí’ a ghlacadh don Ghaeilge agus d’Ultais.

D’fhorbair an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta dhá straitéis ina dhiaidh sin - ‘Strategy to Enhance and Protect the Development of the Irish Language’[Straitéis chun úsáid na Gaeilge a mhéadú agus an Teanga a Chosaint]<sup>30</sup> and a ‘Strategy to Enhance and Develop the Ulster-Scots Language, Heritage and Culture’[Straitéis chun Úsáid Ultaise a Mhéadú agus Oidhreacht agus Cultúr na nAlbanach Ultach a Fhorbairt]<sup>31</sup>— agus an rún ann maidir leis an dá straitéis an tréimhse 2015-35 a chlúdach. Ach níor thacaigh an Feidhmeannas le ceachtar den dá straitéis, áfach, agus níor cuireadh i bhfeidhm iad. In 2015, chuir an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín ó Shinn Féin, tús le comhairliúchán poiblí maidir le Bille na Gaeilge<sup>32</sup> agus rinneadh iarrachtaí chun bille dá leithéid a thabhairt isteach i dTionól Thuaisceart Éireann; ní bhfuair an moladh tacaíocht leordhóthanach, áfach.

Ba é an toradh air sin nach ndearnadh straitéis nó reachtaíocht ar bith a comhaontaíodh faoin SAA nó faoi chomhaontú eile a achtú, agus in 2017, chinn Ardchúirt Thuaisceart Éireann nár chomhlíon an Feidhmeannas<sup>33</sup> a dhualgas reachtúil faoi Alt 28D Acht Thuaisceart Éireann 1998 chun a leithéid de straitéis a ghlacadh - maidir leis an nGaeilge go háirithe. Cé gur thug an Chúirt dá haire nach raibh an oibleagáid a forchuireadh ag an alt faoi réir ag teorainn ama, thug an Breitheamh Maguire dá aire ‘go dtabharfaí le tuiscint le léamh ceart na forála gur gá an tuiscint a bhaint aisti nach mór an oibleagáid a chomhlíonadh laistigh de thréimhse ama réasúnta’.<sup>34</sup> Ag bogadh ar aghaidh ó theacht i bhfeidhm an ailt tar éis an SAA, chinn an Chúirt nach raibh tréimhse deich mbliana de neamhghníomh comhlíontach i dtaca leis an alt a forchuireadh.

Díríodh aird idirnáisiúnta ar easpa ceart teanga i dTuaisceart Éireann sa tréimhse sin freisin, agus buarthaí arna gcur in iúl faoi easpa reachtaíochta ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus

---

<sup>30</sup> Department of Culture, Arts and Leisure, ‘The Irish Language Strategy: one year on’ [An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, ‘Straitéis don Ghaeilge: torthaí bliana amháin].

<sup>31</sup> Department of Culture, Arts and Leisure, ‘Strategy to Enhance and Develop the Ulster-Scots Language, Heritage and Culture 2015–2035: one year on’ [An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, ‘Straitéis 2015-2035 chun Úsáid Ultaise a Mhéadú agus Oidhreacht agus Cultúr na nAlbanach Ultach a Fhorbairt: torthaí bliana amháin].

<sup>32</sup> Department of Culture, Arts and Leisure, ‘Proposals for an Irish Language Bill’ [An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Moltaí le haghaidh Bhille na Gaeilge] (Feabhra 2015).

<sup>33</sup> *In re Section 28D of The Northern Ireland Act 1998* [2017] NIQB 27 [Maidir le hAlt 28D Acht Thuaisceart Éireann, 1998] [2017] (Breitheamh Maguire).

<sup>34</sup> *In re Section 28D of The Northern Ireland Act 1998* [2017] NIQB 27 [Maidir le hAlt 28D Acht Thuaisceart Éireann, 1998] [2017] (Breitheamh Maguire) [5].

Cultúrtha,<sup>35</sup> ag an gCoiste Comhairleach maidir leis an gCreat-  
Choinbhinsiún le haghaidh Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint,<sup>36</sup> agus, níos  
suntasáí, b'fhéidir, ós rud é gur dhaingnigh an RA forálacha teanga an  
GFA agus a ceangal leis á thabhairt san áireamh, Coiste Saineolaithe  
Chomhairle na hEorpa maidir le ECRML.

Thug Coiste ECRML, go háirithe, dá aire nach raibh comhaontú bainte  
amach go fóill ag Tionól Thuaisceart Éireann maidir le glacadh Acht na  
Gaeilge agus 'go raibh glacadh reachtaíochta dá leithéid rithábhachtach  
chun cur chun cinn na Gaeilge a scaoileadh saor ó theannas polaitiúil'.<sup>37</sup>  
D'aithin an Coiste, áfach, go raibh 'uirlis pholaitiúil mhór' á déanamh de  
chur chun cinn na Gaeilge go fóill, agus beartais teanga amháin á  
nglacadh ag ranna rialtais agus ag údaráis áitiúla sa dlínse lena ndéantar  
an Ghaeilge a eisiáimh, rud nach réitíonn leis an gCairt.<sup>38</sup> Chuir an coiste a  
chuid buarthaí in iúl freisin maidir le heaspa oiliúna do mhúinteoirí trí  
mheán na Gaeilge, mar aon le ganntanas coibhneasta na meán as  
Gaeilge, easpa aistriúchán reachtúil agus geografach, agus an  
mhainneachtain in ateangaireacht a sholáthar do rannpháirtíocht  
Gaeilgeoirí i dTionól Stormont. Thug sé dá aire go raibh an toirmeasc  
leanúnach a bhí i bhfeidhm ansin ar úsáid na Gaeilge sna Cúirteanna  
(faoin Acht um Riar Ceartais (Teanga) (Éire) 1737) leithchealach. Maidir le  
hUltais, thug an coiste dá aire gurbh amhlaidh go raibh easpa feidhmithe  
ann, agus an teanga in easnamh den chuid is mó ón saol poiblí, nó i  
láthair ar bhonn neamhsheasmhach, ar an gceann is fearr de.<sup>39</sup>

Cháin an Coiste Saineolaithe a bhí ag obair ar an gCreat-Choinbhinsiún le  
haghaidh Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint (a raibh an RA ina sínitheoir leis  
ó 1995) as an mainneachtain i gcur i bhfeidhm an Chreat-Choinbhinsiúin  
in 2016, agus, go háirithe, as an mainneachtain in aon fhaisnéis a

---

<sup>35</sup>Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe, 'Concluding observations  
on the sixth periodic report of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland  
(2016)' [Tuairimí deiridh maidir leis an séú tuarascáil thréimhsiúil de chuid Ríocht  
Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann], [67].

<sup>36</sup>An Coiste Comhairleach maidir leis an gCreat-Choinbhinsiún le haghaidh Mionlaigh  
Náisiúnta a Chosaint, 'Fourth Opinion on the United Kingdom' [An Ceathrú Barúil ar an  
Ríocht Aontaithe] (25 Bealtaine 2016).

<sup>37</sup>Coiste na nAirí, '10.6 European Charter for Regional or Minority Languages: Fifth  
report of the Committee of Experts in respect of the United Kingdom' [10.6 An Chairt  
Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh: An cúigiú tuarascáil ó Choiste  
Saineolaithe maidir leis an Ríocht Aontaithe] (2020).

<sup>38</sup>Coiste na nAirí, '10.6 European Charter for Regional or Minority Languages: Fifth  
report of the Committee of Experts in respect of the United Kingdom' [10.6 An Chairt  
Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh: An cúigiú tuarascáil ó Choiste  
Saineolaithe maidir leis an Ríocht Aontaithe] (2020) [13].

<sup>39</sup>Coiste na nAirí, '10.6 European Charter for Regional or Minority Languages: Fifth  
report of the Committee of Experts in respect of the United Kingdom' [10.6 An Chairt  
Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh: An cúigiú tuarascáil ó Choiste  
Saineolaithe maidir leis an Ríocht Aontaithe] (2020) [15].

sholáthar maidir le Tuaisceart Éireann.<sup>40</sup> Thug an coiste dá aire gur míníodh go raibh an dara mainneachtain ‘mar thoradh ar easpa comhaontaithe maidir le saincheistanna a bhaineann le mionlaigh agus cearta an duine idir an dá pháirtí is mó san Fheidhmeannas [Feidhmeannas Thuaisceart Éireann], go háirithe maidir le ceist na Gaeilge’, ach ina dhiaidh sin is uile, thathantaigh sé ar údaráis Thuaisceart Éireann chun ‘faisnéis a sholáthar maidir le saincheistanna nach raibh conspóideach’ ar a laghad agus d’iarr sé ar rialtas an RA chun ‘cuidiú le comhaontú a fhorbairt maidir leis an bpróiseas tuairiscithe’<sup>41</sup> Cé gur thug an RA freagairt ar an gcáineadh sin trí roinnt faisnéise a sholáthar maidir le Tuaisceart Éireann, níor luaigh sí an Ghaeilge ná Ultais, fiú sa chuid dá freagairtí a bhain le ‘Teangacha’.<sup>42</sup>

Ag an am céanna leis na forbairtí sin, ó 2017 go dtí 2020, ní raibh Feidhmeannas feidhmiúil ag Tuaisceart Éireann, agus an teip maidir le comhaontú chun rialtas a bhunú arís ag Stormont inchurtha tríd is tríd i leith na neamhábaltachta i measc na bpáirtithe rannpháirteacha Acht na Gaeilge nó Acht na gCultúr a chomhaontú (mar aon le heasaontú maidir le meicníocht na hachainí ar bhonn ábhar buartha a athchóiriú agus tabhairt faoi oidhreacht na dTrioblóidí). Mhaígh Sinn Féin, go háirithe, tar éis do Mháirtín Mag Aonghusa éirí as a phost mar LeasChéad-Aire i measc na conspóide faoi stádas na Gaeilge, go raibh Acht na Gaeilge riachtanach chun an SAA a chomhlíonadh.<sup>43</sup> Bhí páirtithe eile, go suntasach an DUP, i gcoinne an Achta, agus an argóint á déanamh acu go raibh maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil cheana féin do theangacha mionlaigh agus go raibh reachtaíocht bhreise trína ndéanfaí foráil d’aitheantas oifigiúil don Ghaeilge neamhriachtanach agus achrannach. Tar éis cainteanna fadálacha, i Mí Eanáir 2020, chomhaontaigh na páirtithe le Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua [New Decade, New Approach] (NDNA).

Leis an NDNA, cuirtear de cheangal ar an rialtas reachtaíocht a leagan síos ‘chun cothroime ómóis, meas frithpháirteach, tuiscint agus comhar’ a chur chun cinn maidir le féiniúlachtaí náisiúnta agus cultúrtha éagsúla i dTuaisceart Éireann, go háirithe trí Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Chultúrtha a chruthú, agus freagracht aici as iolrachas cultúrtha agus meas ar éagsúlacht a chur chun cinn, comhtháthú sóisialta agus

---

<sup>40</sup>An Ceathrú Tuarascáil arna cur isteach ag an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 25, Mír 2 den Chreat-Choinbhinsiún le haghaidh Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint (2015).

<sup>41</sup>An Ceathrú Tuairim den Choiste Comhairleach maidir leis an gCreat-Choinbhinsiún le haghaidh Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint (2015) [3].

<sup>42</sup>Tráchtanna ó rialtas na Ríochta Aontaithe ar an gCeathrú Tuairim den Choiste Comhairleach maidir le Cur i bhFeidhm an Chreat-Choinbhinsiún le haghaidh Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint ag an Ríocht Aontaithe (2017).

<sup>43</sup>Féach Carál Ní Chuilín, ‘Sinn Féin committed to securing Irish Language Act’, 21 February 2017, ar fáil ag: <https://www.sinnfein.ie/contents/43585> (2 Feabhra 2022).

athmhuintearas a fhorbairt, agus gach gné d'oidhreacht chultúrtha agus teangacha Thuaisceart Éireann a cheiliúradh agus a thacú. Cuireadh de cheangal ar an bhFeidhmeannas leis an NDNA freisin beirt coimisinéirí teanga a cheapadh, duine amháin don Ghaeilge agus duine eile d'Ultais, a gcuirfí de dhualgas orthu chun a chinntiú go ndéanfaí forálacha reachtúla ar bith a fhorfheidhmiú, agus monatóireacht a dhéanamh ar a mhéad agus a thugtar éifeacht do na tiomantais a rinneadh faoin ECRML.

Bheadh sé de chúram ar Choimisinéir na Gaeilge monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí agus chun a chinntiú 'go ndéanfaí forbairt na Gaeilge a aithint, a thacú, a chosaint, agus a mhéadú',<sup>44</sup> agus go mbeadh sé de chúram ar Choimisinéir na hUltaise teanga, ealaíon agus litríocht a mhéadú agus a fhorbairt a bhaineann le traidisiún na nAlbanach Ultach agus na mBriotanach Ultach i dTuaisceart Éireann.<sup>45</sup> Den chuid is mó cuireadh na forálacha reachtúla sa NDNA le chéile mar fhreagairt ar an gcáineadh arna tharraingt anuas ag Coiste Saineolaithe ECRML, lena ndearnadh foráil do mhéadú ar aistriúchán agus ar ateangaireacht sa rialtas,<sup>46</sup> d'úsáid mhéadaithe teangacha mionlaigh sa chraoltóireacht,<sup>47</sup> agus úsáid teangacha mionlaigh a cheadú do chlárú breitheanna, básanna, póstaí agus uachtanna.<sup>48</sup> Rinneadh tiomantas sa reachtaíocht mholta chun úsáid na Gaeilge a éascú i gcúirteanna 'de réir mar a bhíonn riachtanach', agus ar an mbealach sin ligeadh d'aisghairm an Achta um Riar Ceartais (Teanga) (Éire), 1737, a tugadh isteach mar iarracht chun an Ghaeilge a bhaint as seomra na cúirte mar gheall ar 'an dochar mór' a cruthaíodh an teangacha seachas Béarla i ngnóthaí ceartais.<sup>49</sup>

Mar a chuireann Ó Mainnín i bhfios, áfach, ní thugtar faoi go leor de na fadhbanna (nó ní dhéantar iad a réiteach leis) a bhí ina n-ábhar de choinbhleacht roimhe seo maidir le cearta teanga agus a théann i gcion ar shaolta laethúla cainteoirí, lena n-áirítear úsáid na Gaeilge ar chomharthaí.<sup>50</sup> Níos suntasaí, rinneadh foráil sa NDNA nach mór don Chéad-Aire agus don LeasChéad-Aire athruithe ar bith atá molta a chomhaontú - agus ar an mbealach sin cros á cruthú don DUP. Dhá

---

<sup>44</sup> NDNA, 16.

<sup>45</sup> NDNA.

<sup>46</sup> NDNA, 16.

<sup>47</sup> NDNA, 16, 49, 61

<sup>48</sup> NDNA, 34.

<sup>49</sup> NDNA, 34.

<sup>50</sup> Ó Mainnín, 'Empowering multilingualism?'; Sarah McMonagle, 'Deliberating the Irish language in Northern Ireland: from conflict to multiculturalism?' *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 31 (2010) 253–70; Abhimanyu Sharma, 'Whither the Irish Language Act? Language policies in Northern Ireland', *Current Issues in Language Planning* 22 (2021), 308–27.



bhliain tar éis chomhaontú an NDNA, níl dul chun cinn ar bith le feiceáil. Níor cuireadh Acht, straitéis ná clár ama ar fáil chun dá rud a chur i gcrích.<sup>51</sup> Agus seo á scríobh, níl aon dul chun cinn déanta maidir leis an reachtaíocht a bhí geallta faoin NDNA d'ainneoin na ráiteas ón Rúnaí Stáit, Brandon Lewis, dá mba rud éinach raibh reachtaíocht curtha i bhfeidhm ag an bhFeidhmeannas faoi dheireadh Mheán Fómhair 2021, go ndéanfaidh rialtas RA an reachtaíocht a leagan síos tríd an bparlaimint i Westminster.

Is í an fhadhb níos bunúsaí ná go bhfuil seans ann nach mbeidh go leor sna hathruithe atá molta, agus nach mbeidh siad in ann coinneáil suas le riachtanais phobail na dteangacha mionlaigh sa dlínse agus nach ndéanfar caipiteal leo as an bpoitínseal a bhaineann le reachtaíocht mar sin chun gníomhú mar fhoinsé an athmhuintearais. Faoi láthair, tá na hathruithe reachtaíochta atá molta faoin NDNA teoranta do thrí Bhille leasaithe d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 lena ndéanfar forálacha chun Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Chultúrtha a chur ar bun, lena ndéanfar forálacha don Ghaeilge, agus chun Coimisinéir a cheapadh chun Ultais agus ealaíona agus litríocht thraidisiún na nAlbanach Ultach/na mBriotanach Ultach a mhéadú agus a fhorbairt i dTuaisceart Éireann. Cé gurb ionann na hathruithe atá molta agus dul chun cinn lena bhfuiltear ag súil maidir leis an tsaincheist de chearta teanga laistigh den dlínse, is beag seans go ndéanfar rannpháirteachas níos leithne agus úsáid níos leithne a chothú leo maidir le teangacha mionlaigh lasmuigh de na pobail ina n-úsáidtear na teangacha sin cheana féin

---

<sup>51</sup>I Mí Aibreáin 2021 d'eisigh Conradh na Gaeilge litir prótacail réamh-chaingne d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann lena léiríodh go raibh sé de rún ag an ngrúpa caingean a thionscnamh i gcoinne mhainneachtain an Fheidhmeannas i straitéis na Gaeilge a chur i bhfeidhm mar a ordaíodh ag breithiúnas 2017 na hArdchúirte. Féach <https://www.cnag.ie/en/news/1450-01042021.html> (1 Nollaig 2021).

**3**

**Foghlaim  
Teanga  
agus Úsáid  
Teanga Atá  
Inbhuanaithe  
a Thacú**



### 3 FOGHLAIM TEANGA AGUS ÚSÁID TEANGA ATÁ INBHUANAITHE A THACÚ: TUAIRIMÍ BEARTAIS

*“Is í Gaeilge na Mumhan an aimsir chaite, Gaeilge Chonnacht an aimsir láithreach, agus Gaeilge Uladh an aimsir fháistineach”*

- Gabriel Rosenstock

Is é an patrún a thagann chun cinn as anailís a dhéanamh ar fhorbairt (nó ar easpa forbartha) maidir le cearta teanga i dTuaisceart Éireann ná patrún de dhul chun cinn de réir a chéile (agus reitriciúil tríd is tríd) arna bhaint amach *in extremis* nuair nach féidir teagmhais de theip pholaitiúil a réiteach ach trí ghéilleadh ag gach páirtí maidir le gnóthaí a mheastar le bheith ró-achrannach chun iad a réiteach le reachtaíocht in imthosca eile. Ina dhiaidh sin is uile, tá feasacht atá ag dul i méid lasmuigh de phobail de gach claonadh nach bhfuil féiniúlachtaí teanga agus polaitiúla comheisiach sa dóigh ina ndearnadh iad a léiriú ag an bpróiseas polaitiúil. In Oirthear Bhéal Feirste, d'éirigh obair an tionscadail teanga Turas, a bhfuil ‘mar aidhm aige daoine ó phobail Phrotastúnacha a nascadh lena stair féin leis an nGaeilge’, ina fórsa suntasach le haghaidh athmhuintearais trí fhoghlaim teanga - agus ceithre rang déag á gcur ar fáil aige sa tseachtain, agus beagnach 300 duine ag clárú chun freastal ar ranganna gach bliain, agus an chuid is mó díbh ón bpobal Protastúnach.<sup>52</sup>

In 2021, d’oscail an tionscadal náiscoil<sup>53</sup> agus cuireann sé teagasc na Gaeilge ar fáil do dhaltaí bunscoile, chomh maith le leabharlann ina bhfuil 4,000 acmhainn sa Ghaeilge agus in Ultais mar aon le scéim scoláireachta lena gcuirtear tacaíocht ar fáil d’ochtar chun freastal ar ollscoil agus staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Cé go bhfuil an tionscadal ar fáil do dhuine ar bith beag beann ar fhéiniúlacht pholaitiúil nó chultúrtha, chuir an tionscadal, agus an méid a chuireann sé ar fáil, fáilte roimh líon mór daoine ó na pobail mhórthimpeall dá chuid in Oirthear Bhéal Feirste chuig foghlaim teangacha agus b’fhéidir is ceann de na samplaí is soiléire é den insint bhréagach go bhfuil gnóthú nó úsáid na Gaeilge díobhálach ó nádúr d’fhéiniúlachtaí aontachtacha nó Protastúnacha, nó bhfuil siad i gcoinbhleacht leo.

<sup>52</sup> <https://www.ebm.org.uk/turas/>. Féach freisin [Linda](#) Ervine, ‘Northern Protestants like me are embracing the Irish language’ [Tá Protastúnaigh sa Tuaisceart cosúil liomsa ag glacadh na Gaeilge chugainn féin], *Irish Independent*, 4 Meán Fómhair 2021.

<sup>53</sup> Claire Simpson, ‘Linda Ervine on how an Irish medium pre-school in east Belfast found a home after a campaign of intimidation’ [Linda Irvine ag labhairt faoin dóigh a bhfuair náiscoil baile nua tar éis feachtas imeaglaíthe], *Irish News*, 25 Deireadh Fómhair 2021.

Is díol suntais mór é rath Turas nuair a chuirtear é i gcoinne na ndeacrachtaí arna sainaithe ag McCoy a bhíonn ag Aontachtaíthe a dhéanann an cinneadh an Ghaeilge a fhoghlaim, lena n-áirítear buarthaí teibí faoin ngá leis an dóigh a bhfuil an teanga comhoiriúnach le féiniúlacht a bpobail féin, nó lena gcuid dearthaí polaitiúla, a chur in iúl ar bhonn pearsanta agus sóisialta, in éineacht le buarthaí praiticiúla maidir le dul isteach i limistéir Chaitliceacha, áit a bhfuil acmhainní foghlama lonnaithe, mar aon le heagla go mbeadh a bpobal féin anuas orthu nó go ndéanfaí imeaglú fisiciúil orthu as sin a dhéanamh.<sup>54</sup> Trí léiriú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir foghlaim teanga a úsáid mar mheán an athmhuintearais, rinne Mitchell agus Miller, go háirithe, an argóint ‘go dtugtar [gur tugadh] cuireadh do rannpháirtithe’ tríd an dóigh a chuir Turas suíomh agus tábhacht na teanga laistigh de phobail chun ‘páirt a ghlacadh i mbreithniú níos leithne a dhéanamh ar an dóigh a ndearnadh tuiscint daoine agus pobal ar a startha a chumadh (a mhíchumadh) ag insintí coinbhleachta deighilte, arna dtarchur trí na glúnta’.<sup>55</sup> Thairfead Mitchell agus Miller an bhraistint laistigh de bhaill an phobail a bhí ag idirghníomhú le Turas go ndearnadh a nasc leis an nGaeilge a thabhairt ar ais dóibh. Tá chuid d’athbhunú an chaidrimh sin dírithe ar láithreach chomhthéacsúil na Gaeilge ar fud phobail uile i dTuaisceart Éireann trí thionscnamh na logainmneacha sin a léarscáiliú, agus 95% acu de thionscnamh logainmneacha Gaeilge,<sup>56</sup> ach fréamhacha ag cuid acu le Gàidhlig agus le Fraincis na Normannach, d’fhonn éagsúlacht agus castacht na bhféiniúlachtaí teanga agus cultúrtha laistigh de Thuaisceart Éireann a nochtadh arís.

I bplé le páirtithe leasmhara ba í an tuairim is mó a tugadh ná an gá le cinntí maidir le ceart teanga a dhípholaitiú. Cé go bhfuil soláthar ceart teanga (cosúil le cearta eile) ina ábhar pholaitiúil is é an rud a cuireadh in iúl leis an mbuairt ná go ndéanfar cearta teanga a aimsiú ar bhonn laethúil i gcoinne rogha pholaitiúil. Maidir leis sin thug páirtithe leasmhara dá n-aire nach mór samhlacha rialachais traidisiúnta ‘scartha agus treascartha’ a sheachaint agus mhol siad dhá spreagthach chun cearta teanga a chosaint ar úsáid pholaitiúil agus chun iad a úsáid chun críocha athmhuintearais. Is é an chéad cheann, chun feidhmiú rogha a íoslaghdú agus feidhmiú rogha a chur ar bhonn foirmiúil ionas go n-athraíonn cearta

---

<sup>54</sup> Gordon McCoy, ‘Protestant learners of the Irish language movement’, in Mac Póilín, *The Irish language in Northern Ireland*.

<sup>55</sup> Mitchell agus Miller, ‘Reconciliation through language learning?’.

<sup>56</sup> Mitchell agus Miller, ‘Reconciliation through language learning?’. On multilingualism and place names [Maidir le hilteangachas agus logainmneacha] féach freisin Ó Mainín, ‘Empowering multilingualism?’.

teanga agus beartais teanga a laghad agus is féidir le hathruithe ar cheannaireacht pholaitiúil. Is í an dóigh is soiléire chun spleáchas ar rogha a íoslaghdú ar ndóigh trí reachtaíocht phríomha lena bhforchuirtear na tairseacha íosta maidir le soláthar ceart teanga, agus forbairt beartais i reachtaíocht tharmiligthe nó thánaisteach ar bith ina dhiaidh sin.

Cuireadh síos ar an bpatrún reatha mar cheann ina raibh ardleibhéil rogha agus bhféadfaí cúlú go neamhfhoirmiúlacht a thabhairt air agus trí easpa reachtaíocht oifigiúil maidir le cearta teanga mar thoradh air sin ligtear d'athrú suntasach idir limistéir rialtais áitiúil agus ranna Stáit maidir le haitheantas do theangacha agus soláthar ceart. Ba é an dara hábhar arna thabhairt dá n-aire ag páirtithe leasmhara agus ceann a bhí ag idirghníomhú leis an gcéad bhuaire - ná tionchar na cinnteoireachta 'as radharc'. Tharraing páirtithe leasmhara an cás anuas maidir le freagairt lucht rialachais Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, ar iarrachtaí chun Scéim Chónaithe a bhunú do mhic léinn a labhraíonn an Ghaeilge<sup>57</sup> mar rud lena léirítear an dóigh inar féidir le hinstiúidí leas a bhaint as neamhfhoirmiúlacht rialachas beartais reatha um chearta teanga chun an *status quo* aonteangach a choimeád. I gcás Ollscoil na Banríona, d'athraigh an fhreagairt oifigiúil ar an scéim ó na tráchtanna príobháideacha a taifeadadh le linn comhairliúcháin phríobháideacha le páirtithe ábhartha agus ba é trí úsáid a bhaint as tuairisciú na meán ag páirtithe leasmhara gur spreagadh cur chuige níos comhtháite maidir leis an gcinnteoireacht.<sup>58</sup> Cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an difríocht idir tráchtanna príobháideacha a rinneadh le linn chruinnithe na hOllscoile agus iad siúd a rinneadh tar éis thuairisciú na meán táscach de chumhacht na follasachta tionchar a imirt ar phróiseas na cinnteoireachta, tá sé soiléir go smaoiníonn páirtithe leasmhara go bhfuil an easpa follasachta atá ina gné de chinnteoireacht reatha um chearta teanga ina dochar níos mó na maitheas

Is í an chéad chéim de reachtaíocht um chearta teanga a dhearadh ar dhóigh lena ndéanfaí polaitiú a laghdú (mar choinníoll iosta athmhuintearais), dá bhrí sin, riachtanais ceartais nós imeachta agus

---

Mhol Cumann Gaelach de chuid na hOllscoile gur cheart cion den tithíocht do mhic léinn a chur i leataobh a mbeadh mic léinn ina gcónaí inti a labhraíonn an Ghaeilge agus a ndéantar éascaíocht dóibh maireachtáil trí mheán na Gaeilge mar chuid de phobal lán-Gaeilge. Cuireadh socruithe cosúla ar fáil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, féach <https://tuairisc.ie/ceim-iontach-dearfach-sceim-chonaithe-ghaeilge-a-bhunu-in-ollscoil-na-banriona/> (arna rochtain an 27 Aibreán 2022). Tá scéimeanna mar sin ar fáil in ollscoileanna sa Breatain Bheag agus in Albain.

<sup>58</sup> <https://www.irishnews.com/news/northernirelandnews/2021/11/29/news/queen-s-university-insists-no-decision-has-been-made-on-gaeilgeoiri-residential-scheme-2521297/> (arna rochtain an 29 Aibreán 2022)

struchtúir chuntasacha a fhorchur nuair a ghlactar le cinntí lena mbaineann impleachtaí maidir le húsáid teangacha agus aitheantas do theangacha. Beidh sé riachtanach go mbeidh saincheistanna nós imeachta bunúsacha maidir le feidhmiú iomchuí cumhachtaí lánroghnacha (go háirithe nuair a bhíonn a leithéid de lánrogha í féin iomchuí) i gceist, mar aon le forálacha maidir le héisteachtaí cothroma agus cinnteoireacht phoiblí lena bhforchuirfí rialacha ceangailteacha lena rialófaí an dóigh a gcuirtear comhlachtaí cinnteoireachta ar bun, na rialacha lena rialaítear ionadaíocht páirtithe leasmhara agus cur i láthair fianaise, agus foráil do na modhanna trína ndéantar cinntí. Tá na riachtanais sin seanbhunaithe i ndlí riaracháin féin Thuaisceart Éireann ach teastaíonn machnamh cúramach agus tomhaiste orthu maidir le reachtaíocht ar bith a bhaineann le teangacha oifigiúla.

Is í an dara céim chun a leithéid de reachtaíocht a dhearadh leithdháileadh ualaí agus iarmhairtí indéreach a chur san áireamh. Tharraing páirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann saincheist leithdháileadh ualaí anuas arís agus arís agus cuireann siad béim ar an bhfíoras go bhfuil samhail de reachtaíocht um chearta teanga bunaithe ar 'thairiscint ghníomhach' riachtanach lena gcuirtear de cheangal ar institiúidí agus ar chomhlachtaí poiblí an Stáit, agus ní ar shaoránaigh aonair, seirbhísí i ngach teanga a sholáthar. Is féidir ilteangachas a normalú le samhlacha tairisceana gníomhaí, mar aon le húsáid teangacha mionlaigh a spreagadh agus, níos tábhachtaí, gan chainteoirí teangacha mionlaigh a léiriú mar dhaoine aonair 'achrannacha' atá ag lorg aitheantais atá 'speisialta' agus atá ina 'n-ábhar míchaoithiúlachta'. Maidir leis sin, chuir páirtithe leasmhara agus rannpháirtithe sa taighde seo béim ar na naisc idir rogha agus aitheantas maidir le teanga agus dínit an duine aonair agus chuir siad béim ar an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar iontaoibh institiúideach trí chead cainte i do theanga roghnaithe, agus ar an mothúchán de dheonú ceart i measc pobal.

Tá an cás maidir le hiarmhairtí indéreacha níos caolchúisí agus, d'fhéadfá a rá, níos doréitithe. Is sampla sármhaith í an Scéim Chónaithe arna moladh ag QUB (Ollscoil na Banríona) maidir leis sin, agus tá baint aici le buarthaí níos leithne faoi chumas forálacha saineiúla do chearta teanga tuairimí na bpobal teanga uile a chomhtháthú, ní amháin iad siúd atá bunaithe cheana féin. Faoi láthair, tugtar cóiríocht chónaithe i QUB ar bhonn céadrogha dóibh siúd nach bhfuil ina gcónaí sa chathair, agus tá costais ó £3,400 go £7,400 ag baint léi. Is é an t-ábhar imní, ar ndóigh, go ndéanfar freastal leis an scéim ar an mbealach sin orthu siúd ó phobail teanga tuaithe ag a bhfuil airgead imleor le caitheamh ar na costais sin agus, mar thoradh air sin, go léireofar comhdhéanamh déimeagrafach

nach n-áirítear leis iad siúd ó phobail an lucht oibre, nó ó phobail teanga uirbeacha. Trí shampla na Scéime léirítear an lionsa trasnach nach mór a chur i bhfeidhm maidir le cearta teanga nuair a dhéantar iarracht iad a úsáid chun athmhuintearas a chur chun cinn. Ní hamháin nach mór inniúlacht teanga í féin a chur san áireamh (agus é a chinntiú go bhfreastalaíonn forálacha dlíthiúla agus beartais ar úsáideoirí teangacha ó fhoghlaimeoirí go daoine atá líofa nó atá ina gcainteoirí dúchais), ach ní mór breithniú ar an dóigh a léireofar aicme shocheacnamaíoch, geografaíocht agus cúlra pobail ag roghanna struchtúracha agus nós imeachta sainiúla.

Léirítear le héirim na gcuntas arna mbailiú ag Mitchell agus Miller an bhuntuiscint lárnach agus ní mór iarracht a dhéanamh le go leor de na forálacha reachtúla trasnacha do chearta teanga leas a bhaint aisti d'fhonn athmhuintearas a chur chun cinn, eadhon soláthar ceart teanga a cheangal le deiseanna oideachasúla do shaoránaigh uile seachas iad siúd atá ina n-úsáideoirí teangacha mionlaigh. Maidir leis sin, d'fhéadfaí iarracht a dhéanamh trí reachtaíocht um chearta teanga, mar a tharla i gcás Turas, deiseanna oideachasúla a éascú lena dtacaítear le húsáideoirí teangacha ar gach leibhéal agus ó gach pobal an teanga mhionlaigh dá rogha féin a fhoghlaim, agus trí sin a dhéanamh, gné fhéiniúlacht a phobail féin - agus dá gcuid féin - a aisghabháil lena dtugtar iad le chéile le grúpaí a bhí ina gcéilí comhraic de ghnáth, ina ndearcthaí féin.

Teastaíonn trí athrú bhunúsacha uaidh sin, áfach, ar an dóigh a ndéantar reachtaíocht teangacha a oibriú go hiondúil - agus ar shamhlacha na reachtaíochta a moladh go dtí seo.<sup>59</sup> Is é an chéad athrú aitheantas cothrom agus foráil chothrom d'Ultais, mar ina éagmais sin, d'fhéadfaí an reachtaíocht a bhrath mar uirlis chun aisghabháil féiniúlachtaí na Gaeilge amháin a chur chun cinn, agus go bhfuil sí chóir a bheith ag oibriú mar sin freisin. Dhéanfaí míléiriú leis sin de nádúr an dátheangachais agus an ilteangachais i dTuaisceart Éireann, agus d'fhéadfaí é a mheas mar buarthaí féiniúlachta agus cultúrtha cineálacha cainteoirí dátheangacha a ardú thar chainteoirí dátheangacha eile. Maidir leis sin, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an reachtaíocht gan deireadh a chur le féiniúlachtaí aonteangacha ná foirmeacha dátheangachais áirithe a chur chun cinn ach chun spás a chruthú d'fhéiniúlachtaí teanga iolracha agus trasnacha - cur chuige, dar le Ross, a bhí ina chur chuige is táirgiúla

---

<sup>59</sup>Maidir le comparáid, féach Acht na dTeangacha Oifigiúla de chuid Phoblacht na hÉireann, 2003; Acht na Breatnaise, 1993 agus Beart um Bhreatnais (An Bhreatain Bheag), 2011; Achd na Gàidhlig (Alba), 2005 .

maidir le forbairt pobal i gcomhthéacsanna teanga eile.<sup>60</sup> Bheadh a leithéid de chur chuige i gcomhréir le príomhchuspóir an GFA: go scarfadh daoine laistigh de Thuaisceart Éireann le féiniúlachtaí atá dénártha go docht agus go nglacfadh siad le castacht na féiniúlachta agus an traidisiúin chultúrtha a chomhroinneann an Bhreatain agus Éire mar chuid den cheart le bheith 'Briotanach, Éireannach, nó an dá rud araon'.<sup>61</sup> Dá ndéanfaí foráil reachtúil a dhearadh go ceart do chearta teanga d'fhéadfaí ceathrú rogha féiniúlachta a sholáthar trí fhéiniúlachtaí Thuaisceart Éireann ar leith a éascú nach bhfuil Briotanach, Éireannach, nó an dá rud araon, agus ina ionad sin atá dílse do comhcheangal éigin de gach ceann - nó do cheann ar bith - de na catagóirí sin.

Is í dara gné, ríthábhachtach, gur cheart a chuimsiú i reachtaíocht teangacha chun athmhuintearas a éascú ná aitheantas agus foráil do riachtanais éagsúla úsáideoirí teangacha ó ghrúpaí éagsúla teanga agus pobail. Tá riachtanais dhifriúla agus riachtanais acmhainní acu siúd a úsáideann teanga mhionlaigh cheana féin agus atá ina gcónaí mar chuid de phobal a thacaíonn leo i gcomparáid leo siúd nach bhfuil inniúlacht ar bith acu, nó a bhfuil inniúlacht bhunúsach acu, maidir le teanga mhionlaigh agus atá ina gcónaí i bpobail nach n-úsáideann teangacha mionlaigh, nó nach dtacaíonn lena n-úsáid faoi láthair.. Maidir leis sin, cuirtear léargas ar fáil le cás Turas ar roinnt de na riachtanais dhifreálacha sna pobail. D'fhonn comhionannas a chinntiú maidir le féiniúlachtaí teanga d'fhéadfaí gur gá soláthar na nithe a leanas a chinntiú:

- seirbhísí agus deiseanna chun teangacha a úsáid agus a fhoghlaim laistigh de phobal féin an duine aonair, cé acu pobal tuithe nó pobal uirbeach
- na seirbhísí agus deiseanna sin i suíomhanna geografacha agus sóisialta ina bhfuil pobail in ann teacht le chéile i spás neodrach, nó laistigh de phobal féin an fhoghlaimeora/úsáideora teanga
- acmhainní dóibh siúd ag a bhfuil leibhéil difriúla inniúlachtaí teanga - ó chainteoirí dúchais go daoine nach bhfuil ach ag tosú ar fhoghlaim - agus do gach aois den duine aonair arna ionadú feadh an speictrim sin
- acmhainní do theaghligh a bhfuil fonn orthu teangacha mionlaigh a fhoghlaim nó a úsáid

---

<sup>60</sup> Marc Howard Ross, *Cultural contestation in ethnic conflict* (Cambridge, 2007), 319–20.

<sup>61</sup> Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta 1998 (vi), larscríbhinn A.



- tacaíochtaí eacnamaíocha dóibh siúd nach bhfuil a gcuid acmhainní féin leordhóthanach chun foghlaim teanga a thosú nó chun leanúint léi
- oideachas cultúrtha in éineacht le foghlaim teanga, lena dtabharfar chun suntais startha agus gnéithe comhroinnte na dteangacha uile a úsáidtear i dTuaisceart Éireann.

D'fhéadfadh riachtanais úsáideoirí seanbhunaithe teangacha agus na bpobal ina bhfuil siad ionadaithe a bheith difriúil go suntasach ó riachtanais úsáideoirí atá ina mbaill de phobail nach n-úsáidtear teangacha mionlaigh iontu (nó nach n-úsáidtear iad níos mó iontu). Chun tabhairt faoi riachtanais an chéad ghrúpa ní mór díriú ar bhealach níos mó ar chearta lena gcinntítear gur féidir le cainteoirí idirghníomhú leis an stát, aitheantas a aimsiú dá bhféiniúlacht teanga i gcomhthéacsanna oifigiúla agus institiúideacha agus a dteanga a úsáid i suíomhanna laethúla.

Ionas go bhfeidhmeoidh reachtaíocht um theangacha mionlaigh ar bhealach daonlathach lena gcuirtear rud ar fáil do gach saoránach, áfach, ní mór glacadh le riachtanais agus eispéiris úsáideoirí agus na bpobal úsáideoirí atá seanbhunaithe, agus na n-úsáideoirí nua agus na bpobal úsáideoirí nua. Dá bharr sin tá tríú gné ann nach mór a chur san áireamh le reachtaíocht um chearta teanga; is é sin leithdháileadh acmhainní airgeadais. Cuirtear i gcoinne reachtaíocht um theangacha mionlaigh go minic - agus i ndlínsí amhail Éire san áireamh, áiteanna a bhfuil an seasamh bunreachtúil is airde ag teangacha mar sin - ar an mbonn gurb ionann í agus leithdháileadh díreireach acmhainní airgeadais atá teoranta, nó go bhfuil sí teoranta ina héifeachtúlacht nuair na gcuirtear na hacmhainní riachtanacha ar fáil chun forálacha reachtaíochta a chur i bhfeidhm. Maidir leis sin chuir Cardinal<sup>62</sup> agus Ó Riagáin<sup>63</sup> béim ar a thábhachtaí agus atá sé reachtaíocht um chearta teanga a fhorfheidhmiú d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar cearta teanga agus go mbíonn meas orthu.

Ní mór go mbeidh leithdháileadh acmhainní airgeadais i gceist leis an dá ghné thuas den reachtaíocht a bheidh coibhéiseach leo siúd a theastaíonn ó reachtaíocht thraidisiúnta um chearta teanga, nó b'fhéidir níos mó ná sin. Maidir leis sin, teastaíonn ní hamháin athrú ar dhlíthe nach bhfuil ceist ann fúthu agus chomh maith leis sin treoshuíomh nua maidir leis an dóigh a ndéantar cearta teanga, agus cuspóir cearta mar sin, a chur in iúl agus a bhrath. Rinne Muller an argóint gur chearta reachtaíocht um chearta teanga

<sup>62</sup> Arna lua i Muller, *Language and conflict in Northern Ireland and Canada*, 9–10.

<sup>63</sup> Féach Pádraig Ó Riagáin, *Language policy and social reproduction: Ireland 1893–1993* (Oxford, 1997).

a mheas mar ghníomh cúitimh mar aitheantas don damáiste a rinne an stát don teanga agus gur cheart go mbeadh comhionannas fíor, agus comhpháirtíocht i rialachas, ag gabháil léi.<sup>64</sup> Is ar éigean go mbeadh cineálacha chur chuige mar sin i dTuaisceart Éireann, áfach, fabhrach do theangacha a dhípholaitiú ná do chearta teanga a úsáid mar uirlis le haghaidh athmhuintearais. Ar ndóigh, d'aithin Cardinal agus daoine eile gur féidir le reachtaíocht a bheith ina modh tuathalach, atá níos oiriúnaí do riachtanais rialtais ná don phróiseas íogair d'athnuachan teangacha.<sup>65</sup> Maidir leis sin, is dócha go bhfuil cur chuige arna threorú ag daonlathas breithniúcháin maidir le reachtaíocht um chearta teanga ina chur chuige is inbhuanaithe. Forbraíodh moltaí reatha maidir le reachtaíocht um chearta teanga, áfach, gan mórán rannpháirtíochta nó comhairliúcháin ón bpobal den chuid is mó. Cruthaítear fadhbanna leis sin, nuair a chuirtear dearcthaí míshuaimhneacha maidir le cearta teanga go ginearálta laistigh den dlí san áireamh, mar aon leis an imní faoi chuspóirí reachtaíochta mar sin agus an seans ann go n-ardófar leasanna úsáideoirí teangacha áirithe thar úsáideoirí teangacha eile.

Ba cheart go mbeadh sé mar sprioc fhadtéarma na ndaoine atá ar son cearta teanga chun a chinntiú ní hamháin go gcuirfeadh reachtaíocht le normalú na dteangacha mionlaigh atá i gceist, ach go ndéanfadh sí teanga a dhípholaitiú i dTuaisceart Éireann agus go ligfeadh sí do chosaint teangacha mionlaigh bheith ina patrún níos leithne den athmhuintearas.<sup>66</sup> Is dúshlán é na spriocanna sin a bhaint amach in imthosca nuair a forbraíodh an reachtaíocht atá molta (nó atá ceadaithe) i gcomhthéacs atá thar a bheith polaitithe (nasctha le hathchóiriú an rialtais) agus a idirbheartaíodh agus a comhaontaíodh gan an cineál comhairliúcháin phoiblí leanúnaigh lena gcruthófaí comhthéacs ina dtabharfaí faoi bhuarthaí daoine nach úsáideoirí iad agus raon leathan úsáideoirí mar chuid den phróiseas dréachtaithe.

Is é ról an daonlathais bhreithniúcháin i suíomhanna den sórt sin chun freagairt ar 'dhianseasmhacht easaontais mhorálta' - nó ar choinbhleachtaí maidir le cearta bunúsacha - tríd an bpróiseas polaitiúil.<sup>67</sup> Mar aon le polaitíocht Thuaisceart Éireann a chur ina comhthéacs, rud a bhaineann go bunúsach le heasaontas a réiteach maidir le féiniúlachtaí

---

<sup>64</sup> Muller, *Language and conflict in Northern Ireland and Canada*, 10–11.

<sup>65</sup> Féach Robert Dunbar, 'Is there a duty to legislate for linguistic minorities?', *Journal of Law and Society* 33 (2006) 181–98; Wilson McLeod, 'Securing the status of Gaelic? Implementing the Gaelic Language (Scotland) Act 2005', *Scottish Affairs* 57 (2006), 19–38; de Varennes, *Language, minorities and human rights*; Mac Giolla Chríost, 'A question of national identity or minority rights?'

<sup>66</sup> Dunlevy, 'Learning Irish amid controversy'.

<sup>67</sup> Amy Gutmann and Dennis Thompson, *Democracy and disagreement* (Cambridge, MA, 1996), 1051.



pobail bunaithe ar luachanna, déantar athrú daonlathach breithniúcháin thar a bheith tábhachtach leis sin. Dearbhaítear le hathrú arna bhaint amach trí shamhail mar sin nach mór bonn cirt a thabhairt le cinntí a dhéanann saoránaigh agus a n-ionadaithe agus na hoibleagáidí a chuirtear leo ar a chéile agus iarracht á déanamh comhionannas comhréitigh a aimsiú nach féidir le ceachtar den dá thaobh a dhiúltú go réasúnta.<sup>68</sup> I dTuaisceart Éireann, áit a ndearnadh cearta teanga a pholaitiú, dhéanfaí samhail dhaonlathach breithniúcháin do reachtaíocht um chearta teanga dearcthaí laethúla daoine a fheabhsú maidir le teangacha mionlaigh atá i láthair ina bpobail agus ag an am céanna dhéanfaí iarracht léi tabhairt ar theangacha mionlaigh a íoslaghdú mar chuid d'insint pholaitiúil seachas mar chuid de thaithí saoil.

D'fhéadfadh sé sin a bheith rud beag útóipeach, ach thaispeáin Williams an gá le forbairt reachtaíochta rannpháirtí, agus an tábhacht a bhaineann léi, i sochaithe deighilte ina bhféadfadh rannpháirtíocht saoránach agus grinnschrúdú rialála a bheith chomh tábhacht céanna maidir le hiarracht a dhéanamh athrú reachtaíochta a dhíriú ar phróiseas comhtháite athmhuintearais trí chearta teanga a sholáthar.<sup>69</sup> Rinne McMonagle an argóint, sa chomhthéacs sin, cómhalartacht ionsuite an daonlathais bhreithniúcháin, lena n-éilítear aitheantas cothrom do dhearcthaí tromlaigh agus mionlaigh, rud atá ríthábhachtach do chobhsaíocht pholaitiúil tar éis coinbhleacht fhoréigneach.<sup>70</sup> Déanann Williams an argóint, maidir le bogadh ó shuíomh ina bhfuil tiomantais bhunúsacha maidir le cearta teanga i láthair, gur cheart go mbeadh iarracht thromchúiseach ina céad chéim loighciúil eile, maidir le beartas teanga a chur chun cinn agus a rialáil, chun na páirtithe leasmhara uile a mhealladh a bheith rannpháirteach sa phlé níos leithne faoi rialachas'.<sup>71</sup> Is í an chéad chéim ríthábhachtach maidir leis sin, áfach, chun rannpháirteachas na bpobal uile a dhaingniú i bpróiseas na forbartha reachtaíochta, agus chun rannpháirteachas pobal seanbhunaithe d'úsáideoirí teanga amháin a sheachaint.

---

<sup>68</sup> Amy Gutmann and Dennis Thompson, *Why deliberative democracy?* (Princeton, NJ, 2004), 3.

<sup>69</sup> C.H. Williams, *Linguistic minorities in democratic context* (Basingstoke, 2008), 4; McMonagle, 'Deliberating the Irish language in Northern Ireland'.

<sup>70</sup> McMonagle, 'Deliberating the Irish language in Northern Ireland', 253.

<sup>71</sup> Williams, *Linguistic minorities in democratic context*, 6.

4

# Moltaí Beartais

## 4 MOLTAÍ BEARTAIS

Ar bhonn an taighde a rinneadh go dtí seo ba chóir go ndéanfaí smaointeoireacht faoi bheartais maidir le teangacha mionlaigh i dTuaisceart Éireann a threorú leis na moltaí a leanas.

- Sa mhéid agus a aithnítear an Ghaeilge mar theanga mhionlaigh oifigiúil ba cheart go n-aithneofaí í ar an mbonn céanna le hUltais agus ba cheart go mbeadh na forálacha i ndlí agus i mbeartais a dhéantar don dá theanga coibhéiseach i dtéarmaí stádais, úsáid an dá theanga ag comhlachtaí poiblí agus a gcomhtháthaithe le spásanna poiblí.
- Ba cheart go ndéanfaí foráil do chearta teanga sa dlí le reachtaíocht tharmligthe lena ndéantar foráil do lánrogha airí nó Roinne agus í teoranta ag tairseacha íosta, mar aon le hamlínte arna mbunú i reachtaíocht phríomha.
- Ba cheart samhail um ‘thairiscint ghníomhach’ a chumhdach lena gcuirtear an t-ualach ar an gcomhlacht poiblí seachas ar chainteoir na teanga mionlaigh aonair chun úsáid teangacha mionlaigh a éascú in idirghníomhaíochtaí le comhlachtaí poiblí.
- Ba cheart tacú le meicníochtaí traidisiúnta, foirmiúla arna nglacadh ag reachtaíocht um theangacha oifigiúla i.e. úsáid éigeantach comharthaí agus stáiseanáireachta a fhorlónadh le bearta neamhfhoirmiúil arna dtreorú ag na pobail amhail ranga teanga, oidhreachta agus cultúir arna bhfóirdheonú go mór.
- Ba cheart tacaíochtaí institiúideacha nó eacnamaíocha a chuirtear ar fáil do phobail sheanbhunaithe nó do ghnólachtaí seanbhunaithe a úsáideann teangacha mionlaigh a chur i bhfeidhm ar dhóigh lena gcinntítear nach ndéantar pobail nó úsáideoirí teangacha atá ag teacht chun cinn nó nach bhfuil forbartha go fóill a eisiamh ó thacaíocht.
- Maidir leis sin, tá sé tábhachtach go háirithe chun a thabhairt faoi deara go bhfuil pobail teangacha mionlaigh i dTuaisceart Éireann níos éagsúlach ó thaobh na tíreolaíochta de ná mar atá siad i bPoblacht na hÉireann nó sa Bhreatain Bheag, agus go n-áirítear pobail teangacha uirbeacha sheanbhunaithe leo. Mar sin de, níl samhla a úsáidtear i bPoblacht na hÉireann lena gcuirtear béim ar fhorbairt eacnamaíocht limistéar tuaithe Gaeltachta chomh iomchuí. Mar an géanna, mar thoradh ar infhaighteacht cistí AE i dTuaisceart Éireann is léir go gcuirfeadh tacaíochtaí eacnamaíocha nó institiúideacha ar fáil i bhfoirmeacha níos sainiúla, áitiúla agus teoranta.

- Cuirtear samhail láidir ar fáil le samhail na ranganna teanga pobalbhunaithe, an oideachais agus na scoláireachtaí comhtháite atá fóirdheonaithe chun staidéar a dhéanamh in Ollscoileanna nó sa Ghaeltacht, arna léiriú ag Turas in Oirthear Bhéal Feirste, chun iarrachtaí tosaigh a bhunú maidir leis sin, ach bheadh sé riachtanach í a oiriúnú chun í a chur i bhfeidhm i bpobail tuaithe scaipthe.

5

# Conclúid

## CONCLÚID

Léiríodh leis an taighde a rinneadh go dtí seo go bhfuil sé soiléir nach mór foráil dhlíthiúil atá foirmiúil a dhéanamh trí reachtaíocht do chearta teanga i dTuaisceart Éireann. Tá samhail de na hoibleagáidí sainiúla a d'fhéadfaí a fhorchur lena leithéid de reachtaíocht ann cheana i ndlínsí eile ar oileán na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe araon agus déantar iniúchadh orthu sa tuarascáil ina dhiaidh seo sa tsraith seo. Is é cuspóir íosta a leithéid de reachtaíocht, áfach, lánrogha a laghdú agus ar an mbealach sin cearta teanga a 'dhípholaitiú' i dtéarmaí feidhmiúla trí iad a bhaint ó luaineachtaí gníomhacha agus leanúnacha maidir le forfheidhmiú nó tacaíocht, a ligfí dóibh le bunús beartais nach raibh chomh foirmiúil.

Ní mór, áfach, go n-oibrítear dípholaitiú ní hamháin i samhail ó bharr anuas ach ar bhealach ó bhun aníos, trína ndéanfar caoinfhulaingt agus tuiscint a fhorbairt maidir le teangacha mionlaigh i measc an phobail. Go ríthábhachtach, teastaíonn éascú agus aitheantas maidir le húsáideoirí teangacha reatha ag a bhfuil ardleibhéal líofachta, chomh maith le rannpháirteachas na bpobal sin nach gceapann go bhfuil 'úinéireacht' ar bith acu féin ar theanga mhionlaigh.



IRISH RESEARCH COUNCIL  
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn